Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# GNÓ

## GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA

### AGUS

# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO

Scéim Mharcála agus Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na freagraí a bhfuiltear ag súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.

- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna freagraí a bhfuiltear ag súil leo.

- Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL 2017
# SCÉIM MHARCÁLA

**ROINN 1 100 MARC**

FREAGAIR 10 GCEIST. TÁ 10 MARC AG GABHÁIL LE GACH CEIST

| CEIST | SCÉIM MHARCÁLA | IOMLÁN NA MARCANNA |
|---|---|---|
| 1 | An 1ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3)<br>An 2ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3)<br>An 3ú téarma ceart 1m + 1m + 1m + 1m (4) | 10 |
| 2 | Trí ghné: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 3 | A: 3m + 2m<br>B: 3m + 1m + 1m | 10 |
| 4 | Trí ghné: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 5 | Dhá úsáid: @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 6 | Dhá ríomh: @ 5 mharc an ceann (4m + 1m) | 10 |
| 7 | Dhá fhocal: @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 8 | Trí fhoras: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 9 | Dhá bhuntáiste: @ 5m an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 10 | Ceithre fhreagra: 4m + 3m + 2m + 1m | 10 |
| 11 | Bosca amháin ceart: 10m | 10 |
| 12 | Dhá institiúid: @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 13 | Dhá mhíniú: @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 14 | Cúig fhreagra: @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 15 | Cúig fhreagra: @ 2 mharc an ceann | 10 |
| | Marcanna atá ar fáil | 100 |

# ROINN 2 – 300 MARC
## CUID 1

**ÍOSMHÉID: CEIST AMHÁIN (75 MARC)**
**UASMHÉID: DHÁ CHEIST (150 MARC)**

**CEIST 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** mhíniú | 15m (10m + 5m) + 5m (4m + 1m) | 20 |
| **(B)** | Dlí **amháin** | @ 10 marc (5 @ 2 mharc) | 10 |
| **(C)** | **Trí** bhuntáiste: | 8 marc (6m + 2m)<br>8 marc (6m + 2m)<br>4 mharc (2m + 2m) | 20 |
| **(D)** | **Dhá** iarmhairt: | 6m + 4m | 10 |
| **(E)** | **Dhá** fheidhm: | 8 m + 7m | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 2**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Ainmnigh an earnáil:<br>Sampla: | 6 mharc<br>4 mharc | 10 |
| **(B)** | **Dhá** earnáil: | @ 10 marc an ceann (3m + 4m + 3m) | 20 |
| **(C)** | **Trí** bhuntáiste: | 7 marc (4m + 3m)<br>7 marc (4m + 3m)<br>6 mharc (4m + 2m) | 20 |
| **(D)** | **(i)** CBL:<br>**(ii) Dhá** mhíniú: | 5 mharc (2m + 2m + 1m)<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** thionchar: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 3**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** bhallstát: | @ 10 marc (4m + 3m + 3m) | 10 |
| **(B)** | **(i)** Míniú:<br>**(ii) Dhá** bhacainn eile: | 7m (3m + 2m + 2m)<br>@ 4 mharc an ceann | 15 |
| **(C)** | **Dhá** bhuntáiste:<br>Míbhuntáiste **amháin:** | @ 7 marc an ceann (4m + 3m)<br>6 mharc (3m + 3m) | 20 |
| **(D)** | **(i)** Míniú:<br>**(ii) Dhá** Ghnólacht Dhomhanda: | 10 marc (4m + 4m + 2m)<br>@ 5 mharc an ceann | 20 |
| **(E)** | **Dhá** dhúshlán: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

# ROINN 2 – CUID 2

**ÍOSMHÉID: 2 CHEIST (150 MARC)**
**UASMHÉID: 3 CHEIST (225 MARC)**

**CEIST 4**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** thréith: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | Plean **amháin**: | @ 10 marc (5m + 5m) | 10 |
| **(C)** | **(i)** Míniú:<br>**(ii) Dhá** bhuntáiste: | 7 marc (4m + 3m)<br>5 mharc (3m +2m) + 3 mharc (2m + 1m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** mhíniú: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | Fógra:<br>Clár Oibre:<br>Síniú: | 8 marc (4 @ 2 mharc)<br>10 marc (5 @ 2m)<br>2 mharc (2 @ 1m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

## CEIST 5

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Mír **amháin**:<br>**(ii)** Mír **amháin**: | 5 mharc<br>5 mharc | 10 |
| **(B)** | **(i)** Staid:<br>**(ii) Dhá** chúis: | 8 marc<br>@ 6 mharc an ceann | 20 |
| **(C)** | **(i)** Foinse:<br>**(ii) Dhá** bhuntáiste: | 8 marc<br>8m + 4m | 20 |
| **(D)** | Míniú: | 10 marc (4m + 3m + 3m) | 10 |
| **(E)** | **Trí** chineál árachais: | 6 mharc (3m + 3m)<br>6 mharc (3m + 3m)<br>3 mharc (2m + 1m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

## CEIST 6

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** mhíniú: 12 mharc (8m + 4m)<br>4 mharc (3m + 1m)<br>4 mharc (3m + 1m) | 20 |
| **(B)** | **Trí** bhealach: @ 5 mharc an ceann (2m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **(i)** Míniú: 12 marc (8m + 4m)<br>**(ii)** Sainchuntas Poist: 8 marc (4m + 4m) | 20 |
| **(D)** | Míniú: 10 marc (6m + 4m) | 10 |
| **(E)** | **Dhá** mhíniú: @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 7

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Míniú: 5 mharc (3m + 2m)<br>Buntáiste: 5 mharc | 10 |
| **(B)** | **(i)** Míniú: 5 mharc (3m + 2m)<br>**(ii)** Saolré Táirge: 15 mharc [(6 @ 2m) + (3 @ 1m)] | 20 |
| **(C)** | **(ii)** Buntáiste **amháin:** 10 marc (5m + 5m)<br>**(ii)** Buntáiste **amháin:** 10 marc (5m + 5m) | 20 |
| **(D)** | **Dhá** chineál taighde: @ 3 mharc an ceann<br>**Dhá** mhíniú: 3m + 2m<br>**Dhá** shampla: @ 2 mharc an ceann | 15 |
| **(E)** | **Dhá** bhealach: 6 mharc (4m + 2m) + 4 mharc (2m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 8

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Úinéirí: 3 mharc<br>**(ii)** Míniú: 12 mharc (6m + 6m) | 15 |
| **(B)** | **(i) Dhá** mhodh**:** @ 5 mharc an ceann<br>**(ii) Dhá** ghné: @ 5 mharc an ceann | 20 |
| **(C)** | **Dhá** thairbhe: 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | Léaráid: 10 marc (5 @ 2m) nó (4m + 2m +4m) | 10 |
| **(E)** | **Dhá** thionscnamh díolachán: 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL
# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO – 2017

**ROINN 1: CEISTEANNA GEARRFHREAGRA 100 marc**

| Ceist | Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo | Marcanna |
|---|---|---|
| 1 | Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?<br>**MSU (USC)** – Muirear Sóisialta Uilíoch<br>**POF (CEO)** – Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin<br>**LLDB (SWOT)** – Láidreachtaí Laigí Deiseanna Bagairtí | **10m**<br>(3+3+4) |
| 2 | Déan liosta de thrí mhír de chonradh bailí.<br>• Comhaontú/Tairiscint/Glacadh<br>• Comaoin<br>• Rún conraithe<br>• Toiliú le conrú<br>• Cumas conraithe<br>• Dlíthiúlacht foirme<br>• Dlíthiúlacht cuspóra | **10m**<br>(4+3+3) |
| 3 | Modhanna cumarsáide:<br>**A.** (i) Barrachairt/Cumarsáid amhairc.<br>(ii) An miondíoltóir éadaí ar líne is mó ráchairt: Topshop<br>**B.** (i) Meamram (Meam)/Cumarsáid scríofa.<br>(ii) Seoltóir: Michael Barron/Bainisteoir Díolachán<br>Glacadóir An fhoireann go léir | **10m**<br>(3+2)<br>(3+1+1) |
| 4 | Ainmnigh na **trí** mhír eile den Chumasc Margaíochta.<br>**TÁIRGE** \| **PRAGHAS** \| **PROMÓISEAN** \| **ÁIT** | **10m**<br>(4+3+3) |

<table>
<tr><td>5</td><td colspan="2">Mínigh úsáid amháin a bhaintear as gach ceann de na bogearraí ríomhaireachta seo a leanas i ngnólacht.<br>(i) Microsoft Word – Tuarascálacha, an clár oibre/miontuairiscí cruinnithe, litreacha, doiciméid ghnó, sonraisc a ullmhú.<br><br>(ii) Microsoft Excel – Cuntais airgeadais, buiséid, bunachair shonraí do chustaiméirí, barrachairt, scarbhileoga, sreabhadh airgid, taifid díolachán a ullmhú.<br><br>Glac le gach freagra ábhartha</td><td>10m<br><br>(5+5)</td></tr>
<tr><td rowspan="2">6</td><td>Céatadán an Bhrabúis Chomhláin<br>(i) $\frac{99{,}000 \times 100}{220{,}000 \quad 1} = 45\%$</td><td>Céatadán an Ghlanbhrabúis<br>(ii) $\frac{55{,}000 \times 100}{220{,}000 \quad 1} = 25\%$</td><td rowspan="2">10m<br>(4+1)<br>+<br>(4+1)</td></tr>
<tr><td>1 mharc as freagra ceart.<br>4 mharc as do chuid oibre a thaispeáint.</td><td>1 mharc as freagra ceart.<br>4 mharc as do chuid oibre a thaispeáint.</td></tr>
<tr><td>7</td><td colspan="2">Roghnaigh na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú.<br><br>Baineann infhiontraíocht le FOSTAITHE i ngnólacht a bheith ag cur SMAOINTE nua i láthair chun cuidiú le feabhsú an ghnólachta.</td><td>10m<br><br>(5+5)</td></tr>
<tr><td>8</td><td colspan="2">Déan liosta de thrí fhoras ar a bhfuil an leithcheal (idirdhealú) toirmiscthe faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.<br>• Inscne – fireann/baineann<br>• Stádas pósta – singil/pósta/scartha/colscartha<br>• Stádas Teaghlaigh – clann/toircheas<br>• Creideamh reiligiúnach (nó gan aon cheann bheith agat)<br>• Aois<br>• Cine – teacht as tír eile/dath craicinn<br>• Míchumas – míchumas meabhrach/ fisiciúil<br>• Gnéaschlaonadh – rogha gnéis<br>• Duine den lucht siúil.</td><td>10m<br><br>(4+3+3)</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td>9</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste do ghnólacht a bhaineann le rialú cáilíochta.<br><br>Caighdeán comhleanúnach táirgí: Forbraíonn an gnó cáil maidir le táirgí ar ardchaighdeán a tháirgeadh / seirbhísí ar chaighdeán an-ard a thairiscint.<br>Díolacháin Mhéadaithe: Méadú ar dhíolacháin i ngeall ar dhea-cháil as táirgí cáilíochta.<br>Costais laghdaithe: Níos lú táirgí lochtacha, níos lú dramhaíola. Bíonn na costais ghnó níos ísle mar gheall nach gcaithfidh sé aon airgead a chur amú ar dheisiúcháin agus aisíocaíochtaí.<br>Is féidir dámhachtainí cáilíochta a úsáid mar uirlis mhargaíochta: Is féidir gradaim cosúil leis an gcomhartha Q agus an ISO9000 a úsáid mar uirlis mhargaíochta chun an gnó a chur chun cinn.</td><td>10m<br><br>(3+2)<br>+<br>(3+2)</td></tr>
<tr><td>10</td><td><table>
<tr><th>Ráiteas</th><th>Cumasc</th><th>Táthcheangal</th><th>Sainchead únas</th><th>Comhghuaillíocht Straitéiseach</th></tr>
<tr><td>Ceannaíonn Apple Beats by Dr Dre ar $3bn.</td><td></td><td>✓</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Chuaigh Bianna Abhainn Mhór cpt agus Bianna Phort Láirge cpt i bpáirt chun Glanbia cpt a chruthú.</td><td>✓</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>D'fhógair an miondíoltóir grósaeireachta Éireannach SuperValu comhpháirtíocht nua le Banc na hÉireann mar chuid dá chlár dílseachta 'Fíorchúiteamh'</td><td></td><td></td><td></td><td>✓</td></tr>
<tr><td>Tá Zip Yard tar éis leathnú mar go bhfuil cead tugtha acu do pháirtithe eile úsáid a bhaint as a múnla gnó agus as a dtrádmharc ach táille agus sciar den bhrabús a fháil mar chúiteamh..</td><td></td><td></td><td>✓</td><td></td></tr>
</table></td><td>10m<br><br>(4+3+2+1)</td></tr>
<tr><td>11</td><td>Cuir in iúl cén téarma díobh seo thíos a thagraíonn do bhaill cheardchumainn a bheith ag vótáil ar ghníomhaíocht thionsclaíoch<br>Cuir tic (✓) sa bhosca ceart .<br><br>Picéadú ☐<br>Ballóid Rúnda ☑<br>Oibriú de réir rialach ☐</td><td>10m<br><br>10</td></tr>
<tr><td>12</td><td>Ainmnigh dhá institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh.<br>• An Coimisiún Eorpach<br>• Parlaimint na hEorpa<br>• Comhairle an Aontais Eorpaigh<br>• An Banc Ceannais Eorpach<br>• Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh<br>• Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.</td><td>10m<br><br>(5+5)</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **13** | (i) Mínigh an téarma **Iompórtálacha sofheicthe**.<br>Gnólachtaí agus daoine ag ceannach táirgí fisiceacha ó thíortha eachtracha. Fágann airgead an tír iompórtála.<br>e.g. Ollmhargadh Éireannach ag ceannach torthaí ón Spáinn.<br>Scoláire a iompórtálann gúna as Meiriceá i gcomhair bhál na hArdteistiméireachta.<br><br>(ii) Mínigh an téarma **Easpórtálacha Dofheicthe**.<br>Gnólachtaí a dhíolann seirbhísí ó thír amháin le tíortha eachtracha eile/le custaiméirí i dtíortha eile. Tagann airgead isteach sa tír easpórtála.<br>e.g. Cuideachta caidrimh phoiblí Éireannach ag díol a cuid seirbhíse le gnó sa Ríocht Aontaithe.<br>Turasóirí Meiriceánacha ag fanacht in Óstán Éireannach i gCorcaigh. | **10m**<br><br>5(3+2)<br><br>5(3+2) |
| **14** | Scríobh **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas. | **10m** |

| | | |
|---|---|---|
| Is éard is ualú ann ná laghdú ar tháille na bunphréimhe árachais mar gur lú an seans níos lú go mbeidh éileamh á dhéanamh ag an gcustaiméir atá ag fáil árachais. | BRÉAGACH | 2 |
| Is éard is Cáin Chorparáide ann ná cáin ar an mbrabús a dhéanann cuideachta. | FÍOR | 2 |
| Is éard is rátaí tráchtála ann ná cáin a íocann gnólachtaí leis an gcomhairle áitiúil. | FÍOR | 2 |
| Prionsabal árachais is ea slánaíocht a shonraíonn nach mór duit gach eolas ábhartha a nochtadh nuair a bhíonn tú ag déanamh iarratais i gcomhair árachais. | BRÉAGACH | 2 |
| Prionsabal cánachais is ea meon lánmhaith. | BRÉAGACH | 2 |

**15** — **10 m** (2+2+2+2+2)

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| **E** | **F** | **D** | **B** | **C** |

# ROINN 2

## CUID 1

<table>
<tr><td colspan="3">CEIST 1</td></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Tabhair samplaí chun aon dá cheann de na forálacha seo a leanas as an Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 a mhíniú:<br>(i) “Coisctear fógraíocht atá bréagach nó míthreorach”<br>(ii) “Coisctear praghsanna bréagacha”<br>(iii) “Coisctear tuairiscí bréagacha ar tháirgí”.<br><br>[Glac le míniú ábhartha nó le sampla ábhartha.]<br><br>(i) Tá Fógraíocht Bhréagach nó Mhíthreorach in aghaidh an dlí. Tugann sí faisnéis mhíchruinn do thomhaltóirí faoi earraí nó seirbhísí atá sé i gceist acu a cheannach. e.g.<br>• Seachadadh in aisce a fhógairt nuair nach bhfuil an seachadadh in aisce ach i gcomhair orduithe os cionn €50<br>• Déantar an táirge in Éirinn, ach i ndáiríre is in áit éigin eile a dhéantar an táirge.<br>• Grianghraif a ghlacann 1 uair an chloig le priontáil, ach tógann siad 24 uair an chloig i ndáiríre.<br><br>(ii) Tá sé in aghaidh an dlí do ghnólacht maíomh bréagach / míthreorach a dhéanamh maidir le praghsanna. Tá sé de cheart ag tomhaltóirí faisnéis shoiléir agus chruinn a fháil faoi phraghas earraí agus seirbhísí ionas gur féidir le duine praghsanna a chur i gcomparáid agus roghanna eolacha a dhéanamh.<br>• Nuair a bhíonn fógraíocht praghsanna nó ‘tairiscintí speisialta’ ar siúl, tá sé in aghaidh an dlí do ghnólachtaí praghas roimhe sin atá bréagach nó míthreorach a thabhairt. Mar shampla, má scriosann an miondíoltóir amach praghas amháin agus má chuireann sé praghas eile níos ísle ina ionad, e.g. bhí sé €100 anois €75, ní mór go raibh na hearraí atá i gceist ar díol san áit chéanna, nó i líon mór siopaí i gcás slabhra, ar €100 ar feadh tréimhse réasúnta.<br>• Má fhógraíonn slabhra nó gnó a bhfuil níos mó ná siopa amháin acu earraí ar díol ag praghas áirithe, ba cheart go mbeadh an praghas sin le feiceáil i ngach siopa dá chuid ina bhfuil na hearraí ar díol, mura soiléirítear san fhógra nach bhfuil feidhm leis an bpraghas sin ach i siopaí áirithe amháin.</td><td>20m<br><br>15(10 + 5)<br><br>+<br><br>5(4 + 1)</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| | **(iii) Tá sé in aghaidh an dlí do ghnólacht cur síos bréagach a thabhairt maidir lena chuid earraí.**<br>• Táirge ar nós cóta báistí atá lipéadaithe mar chóta uiscedhíonach ach atá ag scaoileadh uisce isteach.<br>• Geansaí a bhfuil lipéad 100% olann uirthi ach níl sé sin fíor.<br>• Earra dara láimhe a dhíoltar amhail is go bhfuil sé nua.<br>• Nuair a thugtar meáchan mícheart táirge. | |
| **(B)** | **Ainmnigh dlí tomhaltóirí, seachas an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, a thugann cosaint do thomhaltóirí in Éirinn.**<br>An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 | **10m**<br><br>(2+2+2+2+2<br>) |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí bhuntáiste a bhaineann le bheith mar bhall de cheardchumann.**<br><br>• Pá níos fearr – ar cheann de phríomhchuspóirí ceardchumainn tá iarracht a dhéanamh an pá is fearr a aimsiú dá bhaill go léir.<br>• Dálaí oibre níos fearr – déanann an ceardchumann iarracht dálaí oibre fostaithe a fheabhsú.<br>• Déanann sé ionadaíocht ar fhostaithe i ndíospóid leis an bhfostóir – déanfaidh an ceardchumann ionadaíocht ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí nuair a bhíonn díospóid acu faoi phá, iomarcaíocht, díbirt, idirdhealú, nó pinsin.<br>• Idirbheartaíocht ar shocruithe iomarcaíochta – pléann an ceardchumann pacáistí iomarcaíochta mura féidir poist a thabhairt slán.<br>• Tugann comhairle – is féidir le fostaithe dul i dteagmháil lena gceardchumann chun comhairle a fháil faoi na saincheisteanna go léir a bhaineann le cúrsaí fostaíochta cosúil le teidlíochtaí dlí, saoire, dálaí, coimhlint, conarthaí.<br>• Conarthaí/Tionacht – Cabhróidh an ceardchumann lena bhaill cinnteacht poist, buaine a fháil. Cuirfidh an ceardchumann achomhairc isteach i gcás inar diúltaíodh conradh do bhall go héagórach.<br>[Glac le freagraí cearta eile.] | **20m**<br><br>8(6+2)<br><br>8(6+2)<br><br>4(2+2) |
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá iarmhairt a bhaineann le díospóid thionsclaíoch.**<br>• Caillteanas Pá d'fhostaithe<br>• Caillteanas Díolachán agus Brabúis don ghnó/fhostóir<br>• Caillteanas Seirbhíse/Míshástacht custaiméirí don tomhaltóir<br>• Caillteanas Ioncam Cánach don Rialtas<br>• Déantar dochar don Mheanma/Chaidreamh idir an fostóir agus na fostaithe. | **10m**<br><br>6<br>+<br>4 |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag ionadaí ceardchumainn.**<br>• Baill a choinneáil ar an eolas le faisnéis ón gceannoifig, e.g. dul chun cinn maidir le cainteanna ar phá, treoracha i dtéarmaí gníomh stailce.<br>• Baill nua a earcú – baill nua den lucht saothair/fhoireann a spreagadh chun dul isteach sa cheardchumann.<br>• Aird a tharraingt ar na buntáistí a bhaineann le ballraíocht ceardchumainn.<br>• Casaoidí ar bith atá ag fostaithe a phlé leis an mbainistíocht, e.g. dálaí oibre, arduithe céime, uaireanta oibre.<br>• Ábhair nach féidir a shocrú go hinmheánach a thabhairt chuig leibhéal níos airde den cheardchumann.<br>• Ceannoifig an cheardchumainn a chur ar an eolas faoi chasaoidí na mball. Cuidíonn sé sin chun clár oibre an cheardchumainn a mhúnlú. | **15m**<br><br>8<br><br>+<br><br>7 |

| CEIST 2 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Ón eolas atá tugtha san alt thuas, ainmnigh an earnáil den gheilleagar ina bhfeidhmíonn an turasóireacht. Luaigh sampla amháin de ghnólacht i dtionscal na turasóireachta.**<br>Earnáil: An Earnáil Threasach/An Earnáil Seirbhísí<br>Sampla: Bialann, óstán, oibrí turas.<br>Glac le freagraí cearta ábhartha. | **10m**<br><br>6<br><br>4 |
| **(B)** | **Mínigh an dá earnáil eile den gheilleagar agus tabhair sampla amháin de ghnólacht i ngach earnáil díobh ón eolas atá sa téacs thuas.**<br>**An Earnáil Phríomhúil:** Cuimsítear na tionscail eastóscacha san Earnáil Phríomhúil. Soláthraíonn an Earnáil phríomhúil amhábhair. Áirítear leis an earnáil phríomhúil Feirmeoireacht, Iascaireacht, Foraoiseacht, agus Mianadóireacht<br>Sampla: Chonaic feirmeoirí agus iascairí na háite méadú ar an éileamh ar a gcuid amhábhar ó bhialanna, caiféanna, agus tithe tábhairne áitiúla.<br>**An Earnáil Thánaisteach:** Áirítear san earnáil thánaisteach na tionscail déantúsaíochta agus tógála. Tógann an tionscal déantúsaíochta amhábhair ón earnáil phríomhúil agus próiseálann sí iad ina dtáirgí deiridh, e.g. troscán, ríomhairí, cáis. Áirítear ann gnólachtaí dúchais, cuideachtaí trasnáisiúnta agus gnó na talmhaíochta. Tá baint ag earnáil na tógála le tógáil, e.g. tithe, ospidéil, bóithre.<br>Sampla: Gnólachtaí tógála áitiúla ag tógáil brúnna, bialann, agus caiféanna. | **20m**<br><br>10<br>(3+4+3)<br><br>10<br>(3+4+3) |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí bhuntáiste a bhaineann pobal áitiúil as bunú gnólachta nua i gceantar.**<br>• Cruthaíonn sé poist/fostaíocht do mhuintir na háite.<br>• Feabhsaítear an caighdeán maireachtála sa cheantar – caitear an pá go háitiúil.<br>• Seachthairbhí – bunaítear gnólachtaí eile chun seirbhísí a chur ar fáil don ghnó nua.<br>• Cothaítear ioncam eile mar gheall ar urraíocht ar imeachtaí áitiúla.<br>• Cothaítear díolacháin/gnó sa cheantar – custaiméirí/soláthraithe. Caithfear níos mó airgid i siopaí áitiúla, i gcaiféanna áitiúla<br>• D'fhéadfaí go gcuirfí oiliúint ar fhostaithe i scileanna nua – printíseachtaí – uasoiliúint mar thoradh air<br>• Bonneagar feabhsaithe – níos mó infheistíochta i mbóithre / seirbhísí.<br><br>**Tabhair faoi deara:** Níl na freagraí a bhfuiltear ag súil leo uileghabhálach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagra eile atá ceart. | **20m**<br><br>7(4+3)<br><br>7(4+3)<br><br>6(4+2) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **(i) Cad dó a seasann na litreacha CBL?**<br>Cáin Bhreisluacha<br><br>**(ii) Mínigh dhá cháin, seachas CBL agus MSU, a bhailíonn an rialtas.**<br><br>**ÍMAT – Íoc mar a Thuillir:** Is cáin dhíreach í seo a íocann fostaithe mar chuid dá gcuid ioncaim / pá / tuarastail. Déanann an fostóir í a bhaint ar ráta sainithe ag an bhfoinse agus í a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Is asbhaint reachtúil ó phá/thuarastal í.<br><br>Is cáin ar ghnóthachain nó ar na brabúis a dhéantar as díol sócmhainní í **Cáin Ghnóthachan Caipitiúil**.<br><br>Is cáin ar an ús a shaothraítear ar chuntais bhainc é **DIRT** (Cáin Choinneála ar Ús Taisce). Asbhaineann an banc é sula n-íoctar ús agus cuirtear ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim é.<br><br>Cáin bhliantúil ar bhrabúis na cuideachta is ea **Cáin Chorparáide**. Bhí ráta laghdaithe i bhfeidhm ar bhrabúis cuideachtaí eachtracha atá lonnaithe in Éirinn.<br><br>**Samplaí eile:** Dleacht mháil, Dleacht iompórtála, Cáin ar Fháltais Chaipitiúla, Cáin Mhaoine Áitiúil, Cáin Chláraithe Feithiclí, Mótarcháin. | **15m**<br>5(2+2+1)<br><br>5(3+2)<br><br>5(3+2) |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a dtéann an ráta CBL níos ísle i bhfeidhm ar ghnólachtaí a bhfuil baint acu leis an turasóireacht in Éirinn.**<br>• Coinnítear praghsanna níos ísle – tá na praghsanna a íocann tomhaltóirí níos ísle, mar sin tá gnólachtaí Éireannacha atá ag gabháil don turasóireacht níos iomaíche.<br>• Meallann rátaí óstáin níos saoire tuilleadh turasóirí chun na hÉireann.<br>• Díolacháin / brabúis mhéadaithe – bíonn díolacháin / brabúis mhéadaithe ann de bharr praghsanna níos ísle.<br>• Cruthaítear níos mó fostaíochta in earnáil na turasóireachta – cruthaítear níos mó post de bharr díolacháin níos airde.<br><br>**Tabhair faoi deara:** Níl na freagraí a bhfuiltear ag súil leo uileghabhálach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagra eile atá ceart. | **10 m**<br><br>5(3+2)<br><br>5(3+2) |

| CEIST 3 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Ainmnigh trí bhallstát, seachas Éire agus an Ríocht Aontaithe, atá san AE.**<br><br>An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, Poblacht na Cipire, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn. | **10 m**<br><br>4+3+3 |
| **(B)** | **(i)** Mínigh an téarma “**taraif**”.<br><br>Is cáin ar iompórtálacha é taraif. Is bacainn trádála é taraif a chuirtear le luach/praghas earraí a iompórtáiltear chun earraí iompórtáilte a dhéanamh níos daoire. Spreagann taraifí tomhaltóirí chun earraí a cheannach ó tháirgeoirí ag baile.<br><br>(ii) **Ainmnigh dhá bhacainn trádála eile.**<br><br>Cuóta, Trádbhac, Fóirdheontas, Rialacháin, Ceadúnais Iompórtála/Easpórtála. | **15m**<br><br>7(3+2+2)<br><br>2 @ 4m |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste d'Éirinn a bhaineann Éire le ballraíocht san AE.**<br><br>• Margadh aonair – rochtain ar mhargadh níos leithne (500 milliún)<br>• Saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine<br>• Cúnamh deontais chun an bonneagar a fheabhsú<br>• Deireadh le rioscaí an ráta malartaithe/luaineachtaí airgeadra do thíortha i limistéar an Euro<br>• Mealltar cuideachtaí ilnáisiúnta chun na hÉireann mar shlí chuig margadh na hEorpa<br>• D'fheabhsaigh CAP agus SFP talmhaíocht agus iascaigh na hÉireann<br>• Níos mó turasóireachta ó thíortha de chuid an AE<br>• Cuirtear maoiniú/comhairle ar fáil chun an tír a ath-chaipitliú.<br><br>**Tabhair breac-chuntas ar mhíbhuntáiste amháin d'Éirinn a bhaineann le ballraíocht san AE.**<br>• Gan aon smacht ar rátaí úis – is é Banc Ceannais na hEorpa a shocraíonn na rátaí úis.<br>• Iomaíocht mhéadaithe do ghnóthaí Éireannacha ó ghnólachtaí laistigh den Aontas Eorpach.<br>• Cinnteoireacht/Margaí trádála – ní mór don Choimisiún Eorpach aon mhargadh trádála geilleagrach a cheadú<br>• Cuireann Treoracha/Rialacháin an Aontais Eorpaigh iallach ar rialtas na hÉireann dlíthe a athrú. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar chostais ghnó e.g. costais mhéadaithe a bhainfeadh le treoracha nua a chomhlíonadh/Caillteanas flaithiúnais. | **20m**<br><br>7(4+3)<br>+<br>7(4+3)<br><br>6(3+3) |

| | | |
|---|---|---|
| | • Féadfaidh oibrithe oilte as Éirinn bogadh chuig tíortha eile san Aontas Eorpach chun obair a fháil.<br>• Costais níos airde do ghnólachtaí Éireannacha atá ag feidhmiú i margadh idirnáisiúnta an-mhór – e.g. costais taistil agus árachais. | |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **(i) Mínigh an téarma "Gnólacht Domhanda".**<br><br>Ceapann gnólacht domhanda gur margadh amháin é an domhan. Déanann gnólacht domhanda iarracht an táirge ceannann céanna a dhíol ar fud an domhain. Táirgeann sé na hearraí cibé áit is mó a bhfuil sé in ann an brabús is mó a dhéanamh. Tá na hearraí ar an gcaighdeán céanna is cuma cá ndíoltar iad agus gan ach difríochtaí beaga i gceist chun freastal ar theangacha difriúla nó ar reachtaíocht áitiúil.<br><br>(**ii) Ainmnigh dhá Ghnólacht Dhomhanda**<br><br>Coca Cola, Apple, Nike, Toyota, Microsoft, Intel, HP, Google, Nokia. | **20m**<br><br>10m<br>(4+4+2)<br><br>2 @ 5m |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá dhúshlán do ghnólachtaí Éireannacha atá ag feidhmiú i margaí idirnáisiúnta.**<br>• Deacrachtaí teanga – sluáin, fógraí le haistriú.<br>• Difríochtaí cultúrtha – bealaí saoil, e.g. ní itheann daoine as an India mairteoil.<br>• Costais dáileacháin – tá iompar costasach; b'fhéidir nach mhór an bealach dáileacháin a chur in oiriúint; gníomhairí a úsáid.<br>• Rátaí malairte airgeadra – mar shampla d'fhéadfadh luaineacht a bheith i rátaí an dollair agus an steirling – agus bíonn tionchar aige sin ar iomaíochas.<br>• Iomaíocht ó thíortha eile – iomaíocht ó tháirgeoirí baile a tháirgeann earraí ar ardchaighdeán.<br>• Cánacha agus dleachtanna á ngearradh ag tíortha eile.<br>• Bonn costais ard – saothar / árachas, an costas a bhainfeadh le táirgí a chur in oiriúint chun freastal ar chaighdeáin / rialacháin idirnáisiúnta<br>• Difríochtaí tíreolaíocha / aeráide – d'fhéadfadh oiriúnú a bheith de dhíth.<br>• Deacrachtaí íocaíochta – fadhbanna ag bailiú fiach.<br>• Rioscaí polaitiúla agus éagobhsaíocht i roinnt tíortha. | **10m**<br><br>5(3+2)<br>+<br>5(3+2) |

| CEIST 4 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thréith/scil fiontraíochta atá léirithe ag Pól.**<br><br>• **Nuálach/Cruthaitheach** – Tháinig Pól ar smaointe nua.<br>• **Duine a ghlacann rioscaí** – Ghlac Pól riosca pearsanta agus riosca airgeadais. D'éirigh sé as a phost chun gnó nua a bhunú.<br>• **Réamhghníomhach** – Shocraigh Pól rudaí a dhéanamh é féin nuair a chonaic sé an deis.<br>• **Cruthaitheach** – bhí smaointe nua aige – seirbhís do lucht leanúna sacair agus rugbaí.<br>• **Cinntitheach** – chinn sé gnó nua a bhunú.<br>• **Muiníneach** – taispeánann sé féinmhuinín/creideann sé ina smaoineamh agus tá pleananna aige a bheith mar cheannaire margaidh i gcomhair taisteal spóirt.<br>• **Solúbtha** – a bheith in ann dul in oiriúint d'imthosca atá ag athrú.<br>• **Scileanna Caidrimh Dhaonna** – tarraingíonn sé go maith le daoine mar chuir sé meitheal bheag ag obair.<br>• **Dírithe ar an todhchaí / uaillmhianach** – féachann sé chun cinn agus aithníonn sé deis chun brabús a dhéanamh.<br>Glac le freagraí malartacha eile. | **15 m**<br><br>5(3+2)<br><br>5(3+2)<br><br>5(3+2)<br><br>Ní mór tagairt a dhéanamh do Phól |
| **(B)** | **Ainmnigh agus mínigh cineál amháin plean a fhorbraíonn an bhainistíocht i ngnólacht.**<br>• Ráiteas misin – doiciméad físe foriomlán.<br>• Plean straitéiseach – plean fadtéarmach ina bhfuil cuntas ar na spriocanna nó na cuspóirí a bheidh le baint amach thar thréimhse ama níos faide e.g. plean cúig bliana.<br>• Plean oirbheartaíochta – miondealú an phlean straitéiseach ina spriocanna nó cuspóirí a bheidh le baint amach taobh istigh de 1-2 bhliain eile.<br>• Plean teagmhasach – plean i gcomhair éigeandálaí nó imeachtaí nach bhfuil aon choinne leo. Is minic a dhéantar tagairt dó mar phlean cúltaca.<br>• Plean oibríochtúil – plean ina bhfuil cuntas ar na spriocanna agus cuspóirí a bheidh le baint amach ar bhonn laethúil. Plean díolachán laethúil.<br>• Plean gnó – luaitear spriocanna agus cuspóirí gnó agus an chaoi a mbainfear amach iad. | **10m**<br><br>5+5 |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **(i) Mínigh an téarma tarmligean.**<br><br>Is éard atá i gceist le tarmligean sannadh údaráis do dhuine eile, de ghnáth sanntar é ó bhainisteoir d'íochtarán, chun tabhairt faoi thasc nó faoi thionscadal oibre ar leith.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le tarmligean.**<br><br>• Spreagann sé an Infhiontraíocht.<br>• Feabhsaítear cumarsáid/Caidreamh tionsclaíoch níos fearr.<br>• Spreagadh méadaithe i measc na foirne.<br>• Éifeachtúlacht mhéadaithe i dtéarmaí chur i gcrích tascanna.<br>• Cuirtear bainisteoirí sa todhchaí faoi oiliúint / Faigheann an fhoireann taithí. | **15m**<br><br>7(4+3)<br><br>5(3+2)<br>+<br>3(2+1) |
| **(D)** | **Mínigh na téarmaí seo a leanas:**<br><br>**(i) Clár oibre cruinnithe:**<br>Is liosta é clár oibre de na topaicí go léir a phléifear ag an gcruinniú. Cuirtear na topaicí in ord tábhachta. Tosaíonn an clár oibre i gcónaí leis na miontuairiscí ó na cruinnithe deiridh agus críochnaíonn sé le Aon Ghnó Eile.<br><br>**(ii) Miontuairiscí cruinnithe:**<br>Sin cuntas den chruinniú a scríobh an rúnaí. Áirítear leis na daoine a bhí i láthair, na daoine a bhí as láthair, na cinntí a rinneadh, na hábhair a pléadh agus pleanáil i gcomhair cruinnithe sa todhchaí. | **15m**<br><br>8(4+4)<br><br>7(4+3) |
| **(E)** | **Dréachtaigh an Fógra agus an Clár Oibre le haghaidh an CGB Thurais Spóirt na hÉireann Teo.**<br><br>***TURAIS SPÓIRT NA HÉIREANN Teo***<br><br>***FÓGRA:*** 8 Meán Fómhair 2017<br><br>Beidh Cruinniú Cinn Bhliana de Thurais Spóirt na hÉireann Teo ar siúl in Óstán G, Co. na Gaillimhe Dé Sathairn, an 30 Meán Fómhair 2017 ag 2.00 p.m.<br><br>***CLÁR OIBRE:***<br>1. Miontuairiscí CGB 2016<br>2. Nithe a eascraíonn as na miontuairiscí<br>**3. Tuarascáil an Chathaoirligh**<br>**4. Tuarascáil Iniúchóra**<br>5. Dearbhú Díbhinne<br>6. Ceapadh Iniúchóirí<br>7. Toghadh Stiúrthóirí<br>**8. AON GHNÓ EILE/AGE**<br><br>**Sínithe:** Emma de Buitléir<br>Emma de Buitléir<br>**Rúnaí na Cuideachta** | **20 m**<br><br>**Fógra**<br>8<br>(4@2m)<br><br>**Clár Oibre**<br>10<br>(5@2m)<br>[An trí cinn le cló trom éigeantach, s + dhá cheann eile]<br><br>**Síniú**<br>2<br>(1+1) |

<table>
<tr><td colspan="3">CEIST 5</td></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Ainmnigh mír amháin a d’fhéadfadh Bialann Nuevo Teo. a áireamh faoi gach ceann díobh seo a leanas:<br>(i) Rannóg na bhfáltas: Díolacháin ar Airgead, Deontas.<br>(ii) Rannóg na n-íocaíochtaí: Stoc nó trealamh a cheannach, Pá, Árachas.</td><td>10 m<br><br>5<br>5</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>(i) An bhfuil staid sreafa airgid Bhialann Nuevo Teo. níos fearr i mí Eanáir nó i mí an Mhárta?<br>Mí an Mhárta<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a d’fhéadfadh a bheith le do fhreagra.<br>Iomlán na bhFáltas níos airde i mí an Mhárta ná i mí Eanáir, i ngeall is dóigh ar mhéadú beartaithe ar Dhíolacháin.<br>Iomlán na nÍocaíochtaí i bhfad níos ísle i mí an Mhárta ná i mí Eanáir, i ngeall is dóigh ar laghdú beartaithe ar chostais d’fhonn sábháil i gcomhair leathnú.</td><td>20m<br><br>8<br><br>2 @ 6m</td></tr>
<tr><td>(C)</td><td>(i) Ainmnigh foinse mheántéarmach oiriúnach airgeadais a d’fhéadfadh Bialann Nuevo Teo. a úsáid don trealamh nua cistine.<br>• Iasachtaí meántéarmacha<br>• Fruilcheannach<br>• Léasú.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann leis an bhfoinse airgid a roghnaigh tú.<br><br>Iasacht Mheántéarmach:<br>• Úinéireacht láithreach na sócmhainne<br>• tá rátaí úis reatha íseal<br>• tráthchodanna socraithe chun oiriúint do chumas aisíocaíochta an iasachtaí.<br><br>Fruilcheannach:<br>• Is furasta fruilcheannach a fháil<br>• úsáid láithreach na sócmhainne<br>• níl aon urrús/urrús comhthaobhach ag teastáil<br>• íocaíochtaí tráthchodanna leata amach ar feadh suas le 5 bliana.<br><br>Léasú:<br>• Úsáid láithreach na sócmhainne<br>• gan aon chostais chaipitil<br>• tairgtear an rogha an tsócmhainn a uasghrádú go héasca sa todhchaí.</td><td>20m<br><br>8<br><br>8 + 4</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | Mínigh an téarma **cuntas reatha**.<br>Is seirbhís é cuntas reatha a thairgeann bainc thráchtála agus cumainn foirgníochta. Is féidir airgead a aistarraingt gan fógra a thabhairt. Úsáidtear an cuntas go minic i gcomhair aistarraingtí agus taiscí. Is féidir an cárta UMB / Dochair a úsáid chun airgead a aistarraingt agus chun íocaíochtaí a dhéanamh. Is féidir rótharraingt bhainc a thógáil a cheadaíonn don sealbhóir cuntais níos mó airgid ná mar atá sa chuntas reatha a aistarraingt.<br>Is féidir Dochar Díreach agus Orduithe Seasta a úsáid chun íocaíochtaí rialta a dhéanamh ó chuntas reatha amháin go ceann eile / billí a íoc.<br>Is féidir an cuntas a rochtain agus a bhainistiú ar líne agus ar an teileafón.<br>Tá fáil ar an airgead i gcónaí.<br>Táille/táille bainc iníoctha as an gcuntas reatha a úsáid.<br>Is féidir seicleabhar a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh ó chuntas reatha<br>Is féidir pá / tuarastal a íoc go díreach i gcuntas reatha trí Paypath. | **10m**<br><br>4+3+3 |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí chineál árachais ar chóir do Bhialann Nuevo Teo. iad a bheith aici.**<br>• Árachas <u>Réadmhaoine, Foirgneamh & Inneachair</u> – tugann sé cosaint i gcoinne costas damáiste a dhéantar de bharr dóiteáin/gadaíochta/tuilte san áitreabh.<br>• Árachas <u>Dliteanais Phoiblí</u> – chun cumhdach a thabhairt i gcoinne éileamh a dhéanfadh aon duine den phobal a ghortófaí san áitreabh gnó.<br>• Árachas <u>Dliteanais Fostóra</u> – tugann sé cosaint in aghaidh éileamh a dhéanfadh fostaithe mar gheall ar thimpistí san ionad oibre.<br>• Árachas <u>um Fhuinneoga Plátghloine</u> – chun an costas a bheadh ar ghloine fuinneoige a d'fhéadfaí a bhriseadh a chumhdach.<br>• <u>Árachas Gluaisteán</u> – árachas reachtúil do gach mótarfheithicil a d'fhéadfadh a bheith ag an ngnó.<br>• Árachas <u>Caillteanais Iarmhartaigh</u> – clúdaíonn sé in aghaidh caillteanas brabúis de bharr dúnadh sealadach mar gheall ar thine/thuile.<br>• Árachas <u>Dliteanais i leith Táirgí</u> – chun damáiste a chumhdach dá bhfaigheadh duine tinn tar éis béile a ithe sa bhialann.<br>• Árachas <u>Ráthaíochta Dílseachta</u> – tugann sé cosaint in aghaidh gadaíochta a dhéanann fostaithe. | **15m**<br><br>6(3+3)<br><br>6(3+3)<br><br>3(2+1) |

<table>
<tr><td colspan="3">CEIST 6</td></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Mínigh trí cinn ar bith de na ceithre théarma a bhfuil líne fúthu sa téacs thuas.<br><br>Forbairt Fréamhshamhla :<br><br>Baineann an chéim seo le heiseamláir nó an chéad múnla de tháirge (nó feidhmchlár) a fhorbairt. Is féidir é a úsáid leis an táirge a thástáil le fáil amach an bhfuil sé i gcomhréir le caighdeáin áirithe, le fáil amach cén chaoi a n-oibríonn sé, agus na ceartuithe/na feabhsuithe is féidir a dhéanamh a shainaithint. Cuidíonn an fhréamhshamhail leis an ngnó cinntí a dhéanamh ar athruithe riachtanacha sula socraíonn sé táirgeadh iomlán a dhéanamh.<br><br>Staidéar Indéantachta :<br><br>Déantar Staidéar Indéantachta le cumas airgeadais táirge nó seirbhíse a mheas. Déanann sé measúnú ar<br>• inmharthanacht an smaoinimh<br>• An féidir é a tháirgeadh ar chostas réasúnta.<br>• an bhfuil an costas measta in aghaidh an aonaid sách íseal chun corrlach/brabús tráchtála a chruthú.<br><br>Margaíocht Tástála :<br><br>Le margaíocht tástála déantar freagairtí custaiméirí a mheas. Déantar an táirge a thástáil ar shampla tomhaltóirí féideartha sula dtosaítear táirgeadh iomlán. Sin chun slat tomhais a fháil faoina bhfreagairt agus chun aiseolas a fháil ar dhíolacháin/éileamh. Cinnfear anseo ar cheart margaíocht a dhéanamh ar an táirge mar ghnóthas tráchtála iomlán.<br><br>An Seoladh :<br><br>Cuirtear táirge ar an margadh. Seo é an pointe ag a mbíonn an chéad deis ag tomhaltóirí táirge nua a fháil. Úsáidtear feachtas fógraíochta agus margaíochta chun feasacht a chruthú maidir leis an táirge/tseirbhís nua d'fhonn dlús a chur faoi dhíolacháin.</td><td>20m<br><br>12(8+4)<br><br>+<br><br>4(3+1)<br><br>+<br><br>4(3+1)</td></tr>
</table>

| (B) | Tabhair breac-chuntas ar thrí bhealach a dtagann fiontraithe ar smaointe do tháirgí/sheirbhísí nua. | 15m |
|---|---|---|
| | **Taisteal** – Faigheann fiontraithe smaointe ó tháirgí/seirbhísí a chonaic siad ag obair in áiteanna eile. Is féidir leo na táirgí/seirbhísí sin a chur in oiriúint mar smaoineamh nua dá margadh baile. | 5(2+3) |
| | **Iomaitheoirí** – Faigheann fiontraithe smaointe óna mbíonn ar siúl ag iomaitheoirí. Is féidir leis na hiomaitheoirí smaoineamh do tháirge/sheirbhís nua dá gcuid féin a thabhairt do na fiontraithe. | 5(2+3) |
| | **Moltaí ó Chairde/Ghaolta** – Faigheann fiontraithe smaointe ó chairde nó ó ghaolta a d'fhéadfadh moltaí a dhéanamh nó aird a tharraingt ar fhadhbanna atá le táirge/seirbhís reatha. | 5(2+3) |
| | **Idirlíon** – Faigheann fiontraithe smaointe ón idirlíon. D'fhéadfadh imeacht, físeán, treocht, fadhb, etc., a fheiceann siad ar líne smaoineamh a spreagadh iontu le haghaidh táirge/seirbhís nua is féidir leo a thairiscint. | |
| | **Na Meáin:** Léirítear treochtaí agus faisin athraitheacha i nuachtáin agus ar an teilifís. Tig le fiontraithe iad seo a úsáid chun deiseanna gnó a aithint. | |
| | **Treochtaí Faisin/Tomhaltóirí** – éist lena bhfuil i bhfaisean/treochtaí custaiméirí agus cruthaigh táirge a oirfidh dá riachtanais. | |
| | **Ransú Smaointe:** Liostaigh a mhéid smaointe agus is féidir, gan teorainneacha ná breith. Is minic a thagann smaoineamh amháin as smaoineamh eile. Tar éis méid ama socraithe, déantar measúnú ar na smaointe agus cuirtear gearrliosta de na smaointe is fearr i dtoll a chéile lena bhforbairt a thuilleadh. | |
| | **Taighde agus Forbairt:** Airgead a infheistiú in iarracht chun táirge nua / feabhsaithe a fhorbairt e.g. forbraíonn Samsung gutháin phóca níos fearr. Uaireanta, faightear táirgí éagsúla agus níos rathúla as T & F. | |
| | **Aiseolas ó Chustaiméirí:** Taighde Mhargaidh / suirbhéanna / gearáin – cuidíonn siad chun na táirgí a theastaíonn ó thomhaltóirí nó nach maith le tomhaltóirí a fháil amach. | |
| | **Infhiontraíocht / moltaí ón bhfoireann:** Feidhmíonn fostaithe mar fhiontraithe agus bíonn smaointe nua nó bealaí nua chun rudaí a dhéanamh acu. | |
| | **Saincheadúnú:** Smaoineamh gnó iomlán, ainm agus lógó a thógáil ar cíos ó ghnólacht reatha i gcomhair céatadán bliantúil den bhrabús. | |
| | **Ionadú a Iompórtáil:** Táirge a tháirgeadh in Éirinn a bhíodh á iompórtáil. | |


| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Mínigh an téarma Sainchuntas Poist.**<br><br>Léirítear sa doiciméad sin mionsonraí an phoist / fholúntais atá le líonadh, lena n-áirítear teideal an phoist, sonraí na hoibre, dualgais agus freagrachtaí an phoist, coinníollacha na fostaíochta agus ionad oibre.<br><br>**Dréachtaigh an Sainchuntas Poist a d'ullmhaigh Máire don phost nua mar Bhainisteoir Díolachán.**<br><br>**Sampla de Shainchuntas Poist:** *(D'fhéadfaí freagraí éagsúla a thabhairt)* | **20m**<br><br>12<br>(8+4)<br><br>8<br>(4+4)<br><br>(Dhá phointe ar a laghad) |

| **Folúntas i ngnó nua aipe Mháire de Paor:** | |
|---|---|
| **Teideal an Phoist:** | Bainisteoir Díolachán |
| **Sonraí oibre:** | |
| **Dualgais agus Freagrachtaí:** | Margaíocht agus fógraíocht a dhéanamh ar ár n-aip ar fud na hÉireann. A chinntiú go mbíonn sí cothrom le dáta. |
| **Dálaí fostaíochta:** | |
| **Uaireanta ar chonradh:** | 38 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Obair deireadh seachtaine ag teastáil. |
| **Tuarastal:** | €25,000 in aghaidh na bliana agus coimisiún |
| **Láthair na hoibre:** | An Cheannoifig i mBaile Átha Luain. |
| **Freagrach do:** | Máire de Paor |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | Maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin, mínigh an téarma **gearrliostú**.<br><br>Baineann **gearrliostú** le liosta laghdaithe iarrthóirí a chruthú i gcomhair agallaimh ón líon daoine a rinne iarratas ar an bpost. Is é is aidhm do ghearrliostú na hiarrthóirí sin is fearr a chomhlíonann na critéir roghnúcháin don phost a aithint. Úsáidtear é chun cabhrú iad siúd is dóigh a chuirfidh dualgais an phoist i gcrích a aithint; agus na daoine ar mian leat tuilleadh eolais a fháil fúthu nuair a bhíonn agallamh foirmiúil ar siúl. | **10m**<br><br>6+4 |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Mínigh dhá luach saothair airgeadais a thairgeann gnólachtaí chun an fhoireann a spreagadh.**<br>• Tuarastal / bunphá – luach saothair airgid as ról/sraith dualgas a chur i gcrích. D'fhéadfadh bunráta nó tascráta a bheith i gceist.<br>• Bónas – íocaíocht bhreise as spriocanna a bhaint amach e.g. táirgiúlacht. Íoctar bónas go minic le linn tréimhsí tábhachtacha, e.g. faoi Nollaig má tá an gnólacht ag déanamh brabúis.<br>• Coimisiún – tuilleann fostaithe céatadán de luach díolacháin na dtáirgí.<br>• Scéim scairúinéireachta – bíonn an rogha ag fostaithe scaireanna a cheannach sa ghnólacht ar phraghsanna ar lascaine/ísle. | **10m**<br><br>5(3+2)<br>+<br>5(3+2) |

| CEIST 7 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Mínigh an téarma brandáil agus tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin a bhaineann le táirge a bhrandáil.**<br><br>Baineann **brandáil** le haitheantas a chruthú le haghaidh táirge/gnó a dhéanann é a idirdhealú go soiléir óna chuid iomaitheoirí. Cuimsítear ainm branda agus lógó leis.<br><br>An **buntáiste** a bhaineann le brandáil:<br>• Cabhraíonn sí leis an táirge a aithint / déanann sí níos so-aitheanta é / idirdhealaíonn sí é ó tháirgí iomaitheoirí.<br>• Feabhsaíonn sí aitheantas do thomhaltóirí agus cruthaíonn sí dílseacht custaiméirí – tá claonadh ag tomhaltóirí cloí le táirge sásúil.<br>• Cabhraíonn sí le margaíocht agus fógraíocht / coinníonn sí ainm brandaí i gcuimhne tomhaltóirí.<br>• Ceadaíonn sí táirgí nua a bhaineann leis an mbranda aithnidiúil a sheoladh.<br>• Féadann ainm branda aithnidiúil praghas níos airde a éileamh, rud as a dtagann níos mó díolachán / brabúis, toisc go gcruthaíonn táirgí brandáilte éileamh níos airde. | **10m**<br><br>5(3+2)<br><br><br>5 |

| | | |
|---|---|---|
| **(B)** | **(i) Mínigh an téarma Saolré táirge .**<br><br>Tagraíonn Saolré táirge don tréimhse a mhairfidh táirge. Déanann sé cur síos ar na céimeanna a dtéann táirge tríd ón gcéad lá ar smaoiníodh air go dtí go mbaintear den mhargadh é sa deireadh thiar.<br><br>**(ii) Dréachtaigh agus an lipéadaigh Léaráid de Shaolré táirge .**<br><br>**SAOLRÉ TÁIRGE**<br><br> | **20m**<br><br>5(3+2)<br><br>Teideal:<br>1m<br><br>Díolacháin:<br>1m<br><br>Am:<br>1m<br><br>Líne Chuartha:<br>2m<br><br>Lipéid:<br>(in ord)<br>5 x 2m |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin a bhaineann le díol ar líne**<br>**(i) don Ghnólacht**<br>• Margadh Domhanda – margadh ionchais níos leithne<br>• Costais Laghdaithe – cíos, árachas, costais oibriúcháin<br>• Margaíocht Ar Líne – Margaíocht dhigiteach<br>• Díolacháin 24/7 – ní chailltear amach ar chriosanna ama difriúla.<br><br>**(ii) don Tomhaltóir**<br>• Caoithiúlacht – ní gá an baile a fhágáil<br>• Níos éasca comparáidí a dhéanamh idir praghsanna – ar shuíomhanna gréasáin difriúla<br>• Rogha earraí/seirbhísí níos leithne – díolann go leor gnólachtaí ar líne<br>• Praghsanna Níos Fearr – coinníonn iomaíocht dhomhanda praghsanna síos<br>• D'intinn a athrú – féadfar earraí a ceannaíodh ó ghnólacht san Aontas Eorpach a chur ar ais gan aon chúis a thabhairt laistigh de 14 lá. | **20m**<br><br>10(5+5)<br><br>10(5+5) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar an dá chineál taighde margaíochta agus tabhair sampla amháin de gach cineál díobh.**<br><br>**Taighde Deisce:** Baineann rochtain nó úsáid faisnéise a bailíodh cheana féin le taighde deisce. Taighde tánaisteach atá ann agus d'fhéadfadh sé bheith inmheánach nó seachtrach. Is féidir le taighde deisce faisnéis a chur ar fáil faoi iomaitheoirí agus faoi phatrúin chaiteachais tomhaltóirí.<br>Tá taighde deisce measartha saor, coinníonn sé seo na costais síos, agus cinntítear gnólacht iomaíoch dá bharr.<br><br>Samplaí de thaighde deisce: an t-idirlíon, tuarascálacha inmheánacha díolachán, tuarascálacha trádála, foilseacháin na Príomh-Oifige Staidrimh, nuachtáin.<br><br>**Taighde allamuigh:** Is éard atá i gceist le taighde allamuigh ná dul isteach sa mhargadh chun faisnéis ghnó a fháil go pearsanta nó chun faisnéis nua ghnó a fháil. Taighde príomhúil atá ann a dtugtar faoi trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le custaiméirí nó le custaiméirí ionchasacha.<br>De ghnáth, bíonn taighde allamuigh costasach agus glacann sé cuid mhór ama, ach tugann sé faisnéis shonrach faoi iompraíocht an spriocmhargaidh.<br><br>Samplaí de thaighde allamuigh: suirbhéanna, breathnóireacht, ceistneoirí agus painéil chustaiméirí. | **15m**<br><br>8(3+3+2)<br><br><br><br><br><br>7(3+2+2) |
| **(E)** | **Seachas díolachán ar líne, tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a mbíonn tionchar ag forbairtí in TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) ar ghnólacht.**<br><br>• Margaíocht/Margaíocht Fheabhsaithe/Feachtais sna meáin shóisialta<br>• Feabhsuithe ar an bpróiseas deartha / CAD<br>• Cumarsáid Thapa/Fóin Chliste/Ríomhphost/Físchomhdhálú<br>• Stóráil shlán agus cosaint faisnéise / criptiú<br>• Laghdaíonn próisis uathoibrithe feabhsaithe costais foirne<br>• Is féidir le fostaithe oibriú go cianda – ón mbaile nó ag taisteal.<br>Glac le freagraí ábhartha eile. | **10m**<br><br>6(4+2)<br><br>4(2+2) |

| CEIST 8 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i) Sainaithin an líon úinéirí is féidir a bheith ag comhpháirtíocht:**<br><br>Dhá úinéar ar a laghad suas go dtí 20 úinéar ar a mhéad.<br><br>**(ii)** Mínigh an téarma **dliteanas neamhtheoranta**.<br><br>Sa chás ina dteipeann ar ghnólacht/go mbreithnítear ina féimheach é, caillfidh na scairshealbhóirí an méid a d'infheistigh siad sa ghnólacht agus beidh siad freagrach go hiomlán as fiacha an ghnó. Is féidir an dlí a chur go pearsanta orthu as fiachais an ghnólachta. D'fhéadfadh sé go gcaithfí réadmhaoin phríobháideach na n-úinéirí a dhíol chun íoc as na fiacha má theipeann ar an ngnóthas. | **15m**<br><br>3<br><br><br><br>12(6+6) |
| **(B)** | **Úsáideann Caife Búitíc Billy agus Bobby próiseas baisctháirgthe.**<br>**(i) Déan liosta de dhá mhodh táirgthe eile.**<br><br>• Jabtháirgeacht<br>• Olltáirgeadh<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá ghné de cheann <u>amháin</u> ar bith de na modhanna táirgthe sin.**<br><br>**Jabtháirgeacht:**<br>Táirgeann an gnólacht earraí aonuaire le hordú – earraí costasacha d'ardchaighdeán – tá fostaithe ardoilte – tá an t-innealra/trealamh a úsáidtear costasach – costas ard táirgthe in aghaidh an aonaid.<br>*e.g.* troscán lámhdhéanta, cultacha táilliúrtha, línéir turas mara.<br><br>**Olltáirgeadh:**<br>Déanann gnólachtaí líon mór de tháirge comhchosúil/caighdeánach i bpróiseas atá ag bogadh de shíor agus thar a bheith uathoibrithe. caiteachas caipitiúil ard ar innealra agus ar an líne chóimeála – mar thoradh ar tháirgeadh leanúnach bíonn riachtanais móra stórála ann – ní mór go mbeadh éileamh ard ar earraí ionas go dtáirgfear iad – níos lú saothair ag teastáil (oilte nó leath-oilte) mar gheall ar a bheith ag brath go mór ar uathoibriú – barainneachtaí scála.<br>*e.g.* carranna, ríomhairí, iPadanna, cannaí pónairí. | **20m**<br><br><br>10(5+5)<br><br><br><br>10(5+5) |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Mínigh dhá thairbhe a bhaineann le do ghnó féin a bhunú.**<br><br>• Brabúis – Mar úinéir aonair, coinníonn an trádálaí aonair an brabús go léir tar éis cánacha a íoc.<br>• Cinntí – déanann an t-úinéir na cinntí go léir agus is féidir iad a dhéanamh go tapa.<br>• Smacht – smacht iomlán ar an ngnó. Níl an smacht caolaithe/comhroinnte.<br>• Bunú – sách éasca tosú amach mar thrádálaí aonair.<br>• Tugann do ghnó féin gradam éigin duit agus féinmhuinín níos mó | **15m**<br><br>8(4+4)<br><br>7(4+3) |
| **(D)** | **Léirigh, agus tú ag úsáid léaráide, bealach dáileacháin amháin a úsáideann Caife Búitíc Billy agus Bobby.**<br><br>**CAIFÉANNA:**<br>DÉANTÓIR<br>⇩<br>MIONDÍOLTÓIR<br>⇩<br>TOMHALTÓIR<br><br>**AR LÍNE:**<br>DÉANTÓIR<br>⇩<br>TOMHALTÓIR | **10m**<br><br>10<br>(5@2m)<br><br>**nó**<br>(4+2+4) |
| **(E)** | **Déan cur síos ar dhá thionscnamh díolachán a d'fhéadfadh Caife Búitíc Billy agus Bobby a thairiscint do thomhaltóirí chun díolacháin a mhéadú.**<br><br>• Laghdú praghsanna/lascainí – d'fhéadfadh Caife Búitíc Billy agus Bobby laghdú 20% a thairiscint ar laethanta a mbeadh cúrsaí trádála ciúin e.g. Dé Luain.<br>• Ceannaigh ceann amháin, faigh ceann amháin saor in aisce – d'fhéadfadh Caife Búitíc Billy agus Bobby caife in aisce a thairiscint ar gach caife a cheannaítear, nó trí cinn ar phraghas péire.<br>• Samplaí in aisce – d'fhéadfadh Bill agus Bobby samplaí beaga a thairiscint ag imeachtaí.<br>• Lascaine don chéad cheannachán eile – d'fhéadfadh Billy agus Bobby dearbháin a thairiscint a bhainfeadh €1 de phraghas an chéad táirge eile a cheannódh duine.<br>• Cártaí Dílseachta – d'fhéadfadh Caife Búitíc Billy agus Bobby caife in aisce a thabhairt ar gach deich gcaife a cheannaítear.<br>• Comórtais – d'fhéadfadh Caife Búitíc Billy agus Bobby comórtais a reáchtáil chun duaiseanna a bhuachan trí na meáin shóisialta. | **15m**<br><br>8(4+4)<br><br>+<br><br>7(4+3) |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán